BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

# Scéim na dTeangacha Oifigiúla 2022 – 2025

# Clár

1. Réamhrá agus Cúlra ..... 3
1.1. Réamhrá ..... 3
1.2. Ullmhú agus ábhar na Scéime ..... 3
1.3. Dáta tosaithe na Scéime seo ..... 3
2. Forléargas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin ..... 4
2.1. Misean agus Cuspóirí ..... 4
2.2. Príomhfheidhmeanna ..... 4
2.3. Príomhsheirbhísí ..... 4
2.4. Custaiméirí agus Cliaint ..... 4
3. Sonraí maidir le seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin, nó go dátheangach ..... 5
4. Ag feabhsú seirbhísí i nGaeilge ..... 7
5. Ag feabhsú inniúlacht sa Ghaeilge ..... 12
5.1. Earcaíocht ..... 12
5.2. Oiliúint agus Forbairt ..... 12
5.3 Poist Shainnithe don Ghaeilge ..... 13
6. Monatóireacht agus Athbhreithniú ..... 14

# 1. Réamhrá agus Cúlra

## 1.1. Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí, ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad-

- Trí mheán na Gaeilge
- Trí mheán an Bhéarla, agus
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla-

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon tseirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar faoi láthair trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana, nó go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.

## 1.2. Ullmhú agus ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meáin agus an scéim seo á hullmhú. Chomh maith leis sin, tugadh faoi phróiseas cuismsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- An leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge
- An tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- Na hacmhainní, ina measc acmhainní daonna agus airgeadais, agus inniúlacht an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Tá an scéim seo curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, atá ar an eagraíocht, ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

## 1.3. Dáta tosaithe na Scéime seo

Dheimhnigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meáin an scéim seo. Tosaíonn sí le héifeacht ó 02.02.22 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile deimhnithe, cibé is déanaí.

# 2. Forléargas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin

## 2.1. Misean agus Cuspóirí

Is é misean Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin oideachas, oiliúint, oideachas agus tacaíochtaí óige ar ardchaighdeán agus núalach a sholáthar, atá inrochtana, a fhreagraíonn do riachtanais na bhfoghlaimeoirí, an phobail agus na sochaí a thagann chun cinn, agus a chuireann barr feabhais, comhionannas agus ionchuimsiú sóisialta chun cinn. Tá na tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí straitéiseacha atá againn leagtha amach i Ráitéis Straitéise 2020-2024 agus is féidir íoslódáil a dhéanamh air ón suíomh gréasáin atá againn.

## 2.2. Príomhfheidhmeanna

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin ar an 1 Iúil 2013 faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá struchtúr corporáideach aige, le coiste atá ceaptha go daonlathach 'An Bord', agus foireann bhainistíochta 'An Feidhmeannas'. I measc na seirbhísí a ndéanaimid soláthar orthu tá oideachas ag an mbunleibhéal, oideachas dara leibhéal, breisoideachas agus oiliúint, agus obair don aos óg, chomh maith le cláir agus seirbhísí oideachais phobailbhunaithe eile. Cuirtear na seirbhísí ar fad ar fáil go háitiúil.

## 2.3. Príomhsheirbhísí

Bunaíonn agus coinníonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin scoileanna agus ionaid oideachais agus oiliúna, agus pleanálann, soláthraíonn, comhordaíonn agus athbhreithníonn sé soláthar an oideachais agus na hoiliúna laistigh dá cheantar riaracháin. Tá sé de dhualgas ar an mBord Oideachais agus Oiliúna freisin (faoi threoir ón Aire Oideachais) seirbhísí a chur ar fáil do sholáthróirí eile oideachais agus oiliúna. D'fhéadfadh tionscadail caipitil, acmhainní daonna, seirbhísí airgeadais, seirbhísí dlí, TFC agus rialachas corporáideach a bheith i measc na dtacaíochtaí seo.

## 2.4. Custaiméirí agus Cliaint

Cuirimid seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fáil do na pobail atá lonnaithe i gCill Dara agus i gCill Mhantáin.

Is iad na príomhsprioc-chliaint atá againn ná

- Mic léinn agus/nó a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí
- Foghlaimeoirí fásta
- Pobail ar fud an chontae
- Daoine óga agus oibrithe deonacha
- Iarratasóirí agus faighteoirí deontas faoi na scéimeanna éagsúla atá á riar go díreach ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin
- Eagraíochtaí deonacha agus spóirt

# 3. Sonraí maidir le seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin, nó go dátheangach

| Seirbhís Oideachais | Trí Bhéarla amháin | Trí Ghaeilge amháin nó dátheangach |
|---|---|---|
| Scoileanna Náisiúnta Pobail (Bunleibhéal) | • SNP, Baile Bhreannóg, An Nás<br>• SNP, Na Clocha Liatha<br>• SNP, An Nás | |
| Coláistí Pobail (Dara leibhéal) | • Coláiste Átha Í<br>• Coláiste Pobail, An Chraobhach, Ráth Droma<br>• Coláiste Pobail Bhaile Coimín<br>• Coláiste Chraobh Abhann, Cill Chomhghaill<br>• Coláiste Chnoc an Phíobaire, An Nás<br>• Coláiste Pobail, An Nás<br>• Coláiste Bhríde, Carn an Bhua<br>• Coláiste Chill Mhantáin, Cill Mhantáin<br>• Coláiste Lorcáin, Díseart Dhiarmada<br>• Coláiste Chonfaí, Léim an Bhradáin<br>• Iarbhunscoil an Churraigh<br>• Coláiste Ghleann Airt, An tInbhear Mór<br>• Coláiste Pobail Mhá Nuad<br>• Iarbhunscoil Mhá Nuad<br>• Iarbhunscoil Chonglais, Bealach Chonglais<br>• Coláiste Pobail Naomh Conlao, Droichead Nua<br>• Iarbhunscoil Naomh Fharnáin, An Chorrchoill<br>• Coláiste Pobail Naomh Caoimhín, Dún Luáin | • Ardscoil Rath Iomgháin, Rath Iomgháin<br>• Coláiste Raithín, Bré<br>• Gaelcholáiste na Mara, An tInbhear Mór<br>• Gaelcholáiste Mhá Nuad, Má Nuad |

| | | |
|---|---|---|
| Ionaid Bhreisoideachais, Ionaid Oiliúna, Ógtheagmháil, SDOG, Oideachas Aosach, Litearthacht Aosach | • Institiúid Bhreisoideachais Bhré<br>• Coláiste Chraobh Abhann, Cill Chomhghaill<br>• Coláiste Pobail, An Chraobhach, Ráth Droma<br>• Coláiste Chill Mhantáin, Cill Mhantáin<br>• Teach na Mara, Cill Mhantáin<br>• Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Inbhir Mhóir<br>• Coláiste Ghleann Airt, An tInbhear Mór<br>• Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Átha Í<br>• Coláiste Átha Í<br>• Bealach Conglais<br>• Ionad Oideachais Allamuigh, Bealach Chonglais<br>• Ionad Oideachais agus Oiliúna, Bealach Conglais<br>• Ionad Oideachais agus Oiliúna, Bré<br>• Ionad Ceoil, Bré<br>• Ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Bré<br>• Ógtheagmháil Bhré agus Chill Mhantáin Thuaidh, Bré<br>• Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chairn an Bhua<br>• Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chill Droichid<br>• Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Bhaile Gallda<br>• An Currach<br>• Ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Baile Chill Dara | |

| | | |
|---|---|---|
| | <ul><li>Ógtheagmháil Léim an Bhradáin</li><li>Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Mhá Nuad</li><li>Ógtheagmháil, An Nás</li><li>Coláiste Chnoc an Phíobaire, An Nás</li><li>Ógtheagmháil, Droichead Nua</li><li>Ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Droichead Nua</li><li>Coláiste Pobail Naomh Conlao, Droichead Nua</li><li>Ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Baile Chill Mhantáin</li></ul> | |
| Seirbhísí Riaracháin | Príomhoifig Riaracháin, An Nás<br>Oifigí Riaracháin, Cill Mhantáin | |

# 4. Ag feabhsú seirbhísí i nGaeilge

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha atá sa tábla anseo thíos:

| **Modh cumarsáide** | **Soláthar Éigeantach** |
|---|---|
| Fógraí réamhthaifeadta ó bhéal | Beidh na fógraí réamhthaifeadta seo a leanas i nGaeilge amháin nó dátheangach:<br><br>(a) Fógraí réamhthaifeadta ó bhéal ar fáil ar an nguthán nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta;<br><br>(b) Fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí;<br><br>(c) Fógraí taifeadta ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha gutháin.<br><br>Baineann seo le fógraí 'taifeadta' seachas le fógraí 'beo'.<br><br>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, tá sé de dhualgas ar chomhlacht |

| | |
|---|---|
| | poiblí an leagan Gaeilge den logainm atá sonraithe san Ordú sin a úsáid i bhfógraí taifeadta ó bhéal a dhéanann sé féin nó a dhéantar ar a shon. |
| Cumarsáid i Scríbhinn – litreacha agus ríomhphoist | Tabharfar freagra ar an gcumarsáid uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas é. |
| Cumarsáid i Scríbhinn – Stáiseanóireacht Chorporáideach | Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe, ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach, a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. |
| Comharthaí | Ní mór an chomharthaíocht uile a chuireann BOO Chill Dara agus Chill Mhantáin in airde, nó a chuirtear in airde thar a cheann, a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh.391/2008). |
| Foilseacháin – foilseacháin chorporáideacha | Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna. |
| Foilseacháin – Ciorcláin/ Cora Poist | Sa chás go ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun eolas a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge a bheidh an chumarsáid. |
| Logainmneacha Gaeltachta | Bainfidh an comhlacht poiblí úsáid as logainmneacha oifigiúla cheantair Ghaeltachta nuair is gá, de réir na reachtaíochta. |

Chomh maith leis na riachtanais éigeantacha atá luaite thuas, tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin tiomanta tabhairt faoi na gealltanais bhreise seo a leanas a chur i bhfeidhm:

| **Modh Cumarsáide** | **Gealltanas** | **Achar ama le cur i bhfeidhm** |
|---|---|---|
| Cumarsáid ó bhéal – Fáiltiú in oifigí riaracháin/ lasc-chlár | Beannófar roimh chustaiméirí a théann i dteagmháil gutháin leis an bPríomhoifig sa Nás nó leis na hoifigí riaracháin atá againn i gCill Mhantáin i nGaeilge ar dtús agus ansin i mBéarla. | Láithreach |
| Cumarsáid ó bhéal – seirbhís duine le duine/seirbhís chuntair | Cuirfear liosta suas chun dáta ar fáil de bhaill foirne atá in ann seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge. | Go leanúnach |

| | | |
|---|---|---|
| Cumarsáid ó bhéal – Cumarsáid ghutháin | Cuirfear custaiméirí ar an eolas gur féidir seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge, má iarrtar é. | Braitheann achar ama an ngealltanais seo ar dhuine oiriúnach, a bhfuil cumas sa Ghaeilge aige/aici , agus é/í ábalta Gaeilge a labhairt, a bheith ar fáil. Leanfaimid ag lorg cead Oifigeach Gaeilge tiomnaithe a cheapadh, agus idir an dá linn, déanfaimid ár ndícheall oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil do bhaill foirne a bhíonn ag plé go díreach le custaiméirí. |
| Cumarsáid ó bhéal – fógraí réamhthaifeadta | Beidh teachtaireacht phearsanta réamhthaifeadta ghlórphoist dhátheangach ag gach ball foirne san oifig riaracháin. | Bliain 1 |
| Cumarsáid i scríbhinn – bileoga eolais/bróisiúir | Beidh leagan dátheangach nó leagan Gaeilge ar fáil de na bróisiúir BOO is mó a úsáidtear. | Go leanúnach |
| Cumarsáid i scríbhinn – foirmeacha iarratais | Beidh leagan dátheangach nó leagan Gaeilge de na foirmeacha seo a leanas ar fáil - Fógraí earcaíochta agus foirmeacha iarratais do Phríomhoidí agus Leas-phríomhoidí do Ghaelcholáistí | Go leanúnach |
| Na meáin – preasráitis | Eiseoimid preasráitis chorporáideacha go dátheangach ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair nach bhfuil aon smacht againn air. | Go leanúnach |
| Na meáin – óráidí poiblí | Déanfaimid ár ndícheall 10% d'ábhar Gaeilge a bheith in aon óráid phoiblí i mBéarla<br><br>Beidh óráidí poiblí a bhaineann le Gaelcholáistí i nGaeilge nó go dátheangach | Go leanúnach |
| TFC – Ríomhphoist | Tá an seoladh ríomhphoist tiomnaithe do cheisteanna i nGaeilge ar fáil ar ár suíomh gréasáin corporáideach gaeilge@kwetb.ie .<br><br>Beidh clásál séanta dátheangach ag gabháil le | Go leanúnach<br><br>Bliain 1 |

| | | |
|---|---|---|
| | gach ríomhphost mar atá faoi láthair.<br><br>Cuirfidh baill foirne, a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge acu, gnáthlíne ina ríomhphoist go bhfuil ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge | |
| TFC – Suíomh Gréasáin Corporáideach | Beidh an t-ábhar seasta ar www.kwetb.ie ar fáil fós go dátheangach. Beidh nascleanúint fós ó leathanach sa leagan Béarla ar an suíomh gréasáin go dtí an leathanach ábhartha sa leagan Gaeilge.<br><br>Coimeádfar an leathanach Gaeilge ar Inlíon na foirne, a chuireann treoir bunúsach maidir le soláthar sheirbhísí Gaeilge agus acmhainní Gaeilge, suas chun dáta agus de réir na scéime nua. Déanfar é a chur chun cinn níos fearr mar acmhainn.<br><br>Ar an leathanach Gaeilge ar Inlíon na foirne beidh ráiteas dátheangach ón bPríomhfheidhmeannach ag dearbhú diongbháilteacht an Bhoird na gealltanais atá i scéim teanga an Bhoird a chur i bhfeidhm | Go leanúnach |
| Gaelcholáistí – cruinnithe | Nuair a theastaíonn, reáchtálfar cruinnithe i nGaelcholáistí / Aonaid trí mheán na Gaeilge le haistriúchán comhuaineach go Béarla ar fáil nuair is gá.<br><br>Cuirfear fáilte roimh dhaoine labhairt i nGaeilge nó i mBéarla ag cruinnithe poiblí a reáchtálann BOOCDCM, nó a reáchtáltar ar a shon.<br><br>Reáchtálfaidh BOOCDCM cruinnithe a bheidh ag plé le ceisteanna a bhaineann le cúrsaí Gaeilge trí mheán na | Go leanúnach |

| | | |
|---|---|---|
| | Gaeilge nó go dátheangach, faoi mar a oireann.<br><br>Cuirfidh BOOCDCM polasaí i leith na Gaeilge le chéile, agus polasaí maidir le hoideachas sna Gaelcholáistí/Aonaid atá faoi chúram an Bhoird. Dearbhóidh an Bord a thiomantas i leith na bpolasaithe seo ag cruinniú oifigiúil, agus déanfaidh an Príomhfheidhmeannach athdhearbhú ar an tiomantas seo ina (h)óráid fháiltithe ar shuíomh gréasáin BOOCDCM.<br><br>Cinnteoidh an Bord go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre in aon cheann de na Gaelcholáistí/Aonaid atá faoina chúram nach bhfuil ag úsáid na Gaeilge mar is ceart faoi láthair.<br><br>Déanfaidh an Bord a dhícheall rúnaithe agus oibrithe eile a cheapadh sna Gaelcholáistí/Aonaid atá faoina chúram, a mbeidh ar a gcumas déileáil le haon bhall den phobal a dteastaíonn uathu a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.<br><br>Cuirfear aon cháipéisí a bhaineann le Gaelcholáistí/Aonaid ar fáil i nGaeilge amháin nó go dátheangach.<br><br>Maidir le Gaelcholáistí/Aonaid BOOCDCM déanfaidh an Bord a dhícheall, ar gach aon bhealach, foireann mhúinteoireachta a cheapadh a mbeidh ar a gcumas rogha ábhar an churaclaim iomláin a chur ar fáil, go héifeachtach, trí mheán na Gaeilge. | |

# 5. Ag feabhsú inniúlacht sa Ghaeilge

## 5.1. Earcaíocht

Is é earcú foirne le leibhéal oiriúnach inniúlachta sa Ghaeilge, i ngach réimse d'obair Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin, an príomhbhealach a bheidh ann chun barr feabhais a chur ar infhaighteacht sheirbhísí i nGaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta earcaíochta, ar an ngá inniúlacht Ghaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Cuirfear pacáiste ionduchtaithe ina mbeidh cóip dár scéim teanga chomhaontaithe, ar fáil do gach ball foirne, chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

## 5.2. Oiliúint agus Forbairt

Táimid tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí agus oiliúint Ghaeilge, ag brath ar na srianta acmhainní agus buiséid atá orainn.

| Spriocréimse | Gealltanas | Achar ama |
|---|---|---|
| Earcaíocht – Ionduchtú | Cuirfear pacáiste ionduchtaithe ar fáil do bhaill foirne nua, ina mbeidh cóip dár scéim teanga chomhaontaithe. | Go leanúnach |
| Earcaíocht –post mar Oifigeach Gaeilge | Lorgóimid cead ón Roinn Oideachais Oifigeach Gaeilge tiomnaithe a cheapadh. | Bliain 1-3 |
| Earcaíocht – poist a éilíonn inniúlacht sa Ghaeilge | Poist Shinsearacha, foireann mhúinteoireachta agus foireann riaracháin i nGaelcholáistí | Go leanúnach. |
| Oiliúint | Déanfar socruithe cuí chun oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil don phríomhfhoireann tosaigh, agus baill foirne eile ar nós an fhoireann mhúinteoireachta, má tá an t-éileamh ann, chun: tacú leis an bhfoireann chun a líofacht sa Ghaeilge a choimeád agus a fhorbairt , agus feabhas a chur ar chumas na foirne a n-oibleagáidí Gaeilge a chomhlíonadh agus iad i mbun oibre.<br><br>Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga breise ar nós:<br>www.tearma.ie, | Bliain 1-3<br><br>Go leanúnach |

| | | |
|---|---|---|
| | www.focloir.ie, www.teanglann.ie and www.abair.ie , chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhonail.<br><br>Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi na hacmhainní breise atá ar fáil chun cabhrú leo na gealltanais atá leagtha amach sa scéim seo a chomhlíonadh. Mar shampla, grúpaí pobail ar nós Crom Abbott, Cill Dara le Gaeilge, Sult na Sollán, Gaeilge Nuada agus Cainteoirí Chill Mhantáin, agus forais náisiúnta ar nós Conradh na Gaeilge agus Foras na Gaeilge.<br><br>Cuirfear cúrsa athnuachana oiliúna bliantúil ar fáil don fhoireann ar fad maidir le forálacha na Scéime Teanga Oifigiúla seo, agus conas iad a chur i bhfeidhm. | Go leanúnach<br><br>Bliantúil |
| Seachtain na Gaeilge | Reáchtálfaimid Seachtain na Gaeilge gach bliain agus nascfaimid le grúpaí pobail agus grúpaí náisiúnta Gaeilge chun cabhrú linn imeachtaí téamúla/tacaíochtaí a chur ar fáil don fhoireann. | Bliain 2 agus 3 |

## 5.3 Poist Shainnithe don Ghaeilge

Tá na poist ainmnithe anseo thíos sainnithe mar phoist a bhfuil riachtanas inniúlachta Gaeilge ag baint leo. Tá sé i gceist go mbeidh caighdeán áirithe creidiúnaithe sa Ghaeilge, i gcomhréir le dualgais an phoist, bainte amach acu siúd a cheapfar sna poist seo. Agus na poist seo á n-ainmniú tugadh aird faoi leith ar phoist i nGaelcholáistí / Aonaid.

| Teideal an Phoist | Láthair | An Pobal a ndéanann sé freastal ar | An Caighdeán Gaeilge atá á lorg |
|---|---|---|---|
| Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí agus na poist mhúinteoireachta go léir | Scoileanna Lán-Ghaeilge / Aonaid | Pobail na nGaelcholáistí/ na nAonad uile atá ag feidhmiú faoi | Ardchaighdeán Inmhianaithe |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | shainchúram an Bhoird | |
| Rúnaithe, Airígh agus poist riaracháin eile | Scoileanna Lán-Ghaeilge / Aonaid | Pobail na nGaelcholáistí/ na nAonad uile atá ag feidhmiú faoi shainchúram an Bhoird | Ardchaighdeán Inmhianaithe |

## 6. Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus a F(h)oireann Ardbhainistíochta monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na scéime ar bhonn rialta. Is í teagmhálaí na scéime ná Emer Roy, Ceannasaí ar Sheirbhísí Corporáideacha. Ba chóir ceisteanna agus fadhbanna a bhaineann leis an Scéim seo a chur chuig an seoladh ríomhphoist Gaeilge tiomnaithe atá againn  gaeilge@kwetb.ie.

Reáchtálfar suirbhé dhá uair sa bhliain ar chur i bhfeidhm fhorálacha na scéime seo , agus cuirfear tuairisc faoi  ar fáil don fhoireann ardbhainistíochta. Déanfar na torthaí a thaifeadadh sa Tuairisc Bhliantúil againn.